C/2026/3716

9.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12491 — DERICHEBOURG ENVIRONNEMENT / SCHOLZ GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3716)

1. An 30 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Derichebourg Environnement SAS ('Derichebourg Environnement', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Daniel Derichebourg amháin,

— Scholz Holding GmbH (an Ghearmáin) agus Scholz Recycling GmbH (an Ghearmáin), arb é atá iontu, in éineacht lena bhfochuideachtaí, Scholz Group (an Ghearmáin), faoi rialú Chiho Renewable International Holding Ltd (Hong Cong).

Gheobhaidh Derichebourg Environnement rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Scholz Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Derichebourg Environnement gníomhach san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh san earnáil bainistithe dramhaíola, go háirithe in athchúrsáil miotail agus i soláthar seirbhísí san earnáil phoiblí, lena n-áirítear seirbhísí glantacháin uirbigh agus bailithe dramhaíola tí d'údaráis áitiúla,

— Tá Scholz Group gníomhach i Lár agus in Oirthear na hEorpa in earnáil na cóireála dramhaíola, go háirithe in athchúrsáil miotail.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12491 — DERICHEBOURG ENVIRONNEMENT / SCHOLZ GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË